

Ábhar

Mír Fuáime

Téacsanna Léitheoireachta

Siollabas Nua don Tríú Bliain

**Ailín Ní Chonchúir ag labhairt faoin siollabas
nua don tríú bliain ollscoile**

**Sliocht as na torthaí foghlama a ghabhann leis
an Siollabas Nua don Tríú Bliain Ollscoile.
An Mheitheal um Theagasc na Gaeilge ar an
Tríú Leibhéal: www.teagascnagaeilge.ie**

**Greille féinmheasúnachta teanga. *Common
European Framework of Reference for
Languages: Learning, teaching, assessment.*
Comhairle na hEorpa 2001**

**Leagan Gaeilge curtha ar fáil ag an Dr.
Antain Mac Lochlainn**

Ní cúrsa teanga ná plean ceachta atá i gceist leis an ábhar samplach seo agus níl sé i gceist go ndéanfaí gach tasc in aon seisiún teagaisc amháin. Is sampla atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfaí a bhunú ar an téacs d'fhoinn na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar in oiriúint dá gcuid mac léinn féin.



**An Mheitheal um Theagasc
na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal**

Siollabas Nua don Tríú Bliain

Réamhobair

Beidh tú ag éisteacht le hAilín Ní Chonchúir ag cur síos ar an Siollabas Nua Gaeilge do mhic léinn ollscoile. Sula n-éistfidh tú léi, déan an réamhobair seo.

- An bhfuil an siollabas Gaeilge do mhic léinn an tríú bliain feicthe agat? Mura bhfuil, an bhfuil a fhios agat cá mbeadh teacht agat air? Pléigh.
- An bhfuil aon eolas agat faoin bhFráma Tagartha Comóntha Eorpach do Theangacha? An bhféadfá buille faoi thuairim a thabhairt cad a bheadh i gceist leis? Pléigh agus déan taighde ar an idirlíon chun cabhrú leat.
- Déanfaidh Ailín tagairt sa mhír fuaime don chumas lena bhfuiltear ag súil ón mac léinn sa tríú bliain i ‘scileanna éagsúla teanga’. Cad a shamhlófá a bheadh i gceist leis na scileanna teanga sin? Cad iad na scileanna teanga a bhfuil tú ag díriú orthu i do chúrsa?

Éisteacht

Anois éist leis an mír agus déan na cleachtaí seo:

- Cén tuiscint atá agat ar an bhFráma Tagartha Comóntha Eorpach tar éis éisteacht leis an mír? Déan féin agus do pháirtí achoimre.
- Cén tuiscint atá agat ar an siollabas nua don tríú bliain ollscoile tar éis éisteacht leis an mír?

Feasacht Teanga

- Seo nithe a luaitear sa mhír. An féidir leat míniú a thabhairt orthu?

scála cumais	torthaí foghlama
scileanna teanga	foghraíocht
Fráma Tagartha	oiriúnacht shochtheangeolaíoch
siollabas	Teastas Eorpach na Gaeilge

- Cad é an leagan caighdeánach den abairt thíos:

‘...rud amháin ana-luachmhar atá déanta acu ná go bhfoilsíodar cáipéis...’

- ‘...an fráma is údarásai...’

Cén fhoirm den aidiacht atá sa fhrása thuas? Pléigh agus cuir an fhoirm chéanna i bhfeidhm ar na haidiachtaí thíos.

mion	cuimsitheach	feidhmeach
comóntha	lárnach	tábhachtach
iomráiteach	saor	gearr
gar	bocht	ealaíonta



- Féach ar an suíomh gréasáin www.teagascnagaeilge.ie. Aimsigh na torthaí foghlama a ghabhann leis an Siollabas Nua don Tríú Bliaín Ollscoile agus freagair na ceisteanna seo:
 - o Cad iad na scileanna teanga a luaitear sna torthaí foghlama?
 - o Cén leibhéal teanga de leibhéal Chomhairle na hEorpa a bhfuil na torthaí foghlama bunaithe air?
- Déan sracléamh tapa ar na torthaí foghlama do na scileanna go léir agus ansin roghnaigh ceann de na scileanna teanga le grinnléitheoiréacht a dhéanamh uirthi. Pléigh na torthaí foghlama don scil sin le do ghrúpa agus déan anailís ar do chumas féin sa scil i gcomparáid leis an gcur síos a dhéantar uirthi.
- Féach ar an ngreille fénimheasúnachta teanga a thugann achoimre ar leibhéal teanga Chomhairle na hEorpa. Cé acu leibhéal atá agat féin i ngach scil, dar leat?
- Féach ar an suíomh gréasáin www.teg.ie agus aimsigh na scrúduithe samplacha do leibhéal B2 agus C1. An mbraitheann tú go mbeifeá réidh do scrúduithe dá leithéid?
- Léigh an sliocht thíos as na torthaí foghlama don tríú bliain. Pléigh le do ghrúpa conas mar a thabharfá breithiúnas ort féin bunaithe ar an méid atá scríofa.

An Foghraíocht

Cur síos ginearálta

- Beidh an mac léinn ar a chompord le mórchánúint amháin agus sa chás nach mbeidh canúint ar leith le sonrú, beidh fuaiméanna na Gaeilge á ndéanamh go sásúil, beidh rithim nádúrtha ina chuid cainte agus beidh na deacrachtaí foghraíochta a chuireann an teanga as a riocth glanta den chuid is mó.
- Léireoidh an mac léinn smacht agus tuiscint ar chúrsaí béime agus ní dhéanfaidh sé earráidí rialta sa ghné seo den teanga.

Seo na pointí forbartha is mó a bheidh i gceist sa tríú bliain. Tá na torthaí foghlama a leagadh amach don chéad agus don dara bliain le cur san áireamh chomh maith, anuas ar an méid seo.

- Is i gcúrsaí béime agus rithime is mó a fheicfear an dul chun cinn sa tríú bliain – ní hamháin go mbeidh fuaiméanna na bhfocal féin sásúil ach beidh rithim nádúrtha le sonrú ar fhoghraíocht an mhic léinn. Seachnóidh an mac léinn den chuid is mó na hearráidí ina gcuirtear béim ar an bhfocal neamhoiriúnach, faoi mar a léirítear leis an gcló trom sna samplaí seo a leanas – ‘tá mé ag dul amach anocht’, ‘an bhfuil tú go maith?’, ‘sin mo cheann’, ‘cá bhfuil tú i do chónaí?’ srl.

- Beidh eolas níos fearr faoi chúrsaí foghraíochta go ginearálta ag an mac léinn – an tábhacht a bhaineann le foghraíocht, an tionchar a bhíonn ag foghraíocht ar chumarsáid le daoine eile, fadhbanna foghraíochta a aithint.

Téipscript

Sa bhliain 2008 tosaíodh ag cur le chéile siollabas úrnua do mhic léinn na Gaeilge ar an tríú leibhéal. Faoi láthair tá siollabas ar fáil don chéad bliain ollscoile, don dara bliain ollscoile agus don tríú bliain ollscoile. Ar dtús ní mór féachaint ar an gceist, ‘Cén rud siollabas?’ Go ginearálta agus go hana-ghinearálta d’fhéadfá a rá gur saghas plean nó mapa den fhoghlaím é, saghas ‘Cad a bheidh á fhoghlaím, conas a bheifear á fhoghlaím agus cé chomh maith is a bheifear á fhoghlaím?’ Ach an príomhrud a bhíonn i gceist ná torthaí foghlama. Agus cén rud torthaí foghlama? An rud a bhíonn i gceist le torthaí foghlama ná cur síos ar an gcumas lena bhfultear ag súil ón bhfoghlaimeoir nó cur síos ar cad a bheidh bainte amach ag an bhfoghlaimeoir ag staideanna ar leith dá chuid foghlama. Anois conas a dhéanfá é seo le foghlaim teanga, mar bíonn sé dúshlánach go leor cur síos a dhéanamh ar an dul chun cinn a bheadh duine ag déanamh i bhfoghlaim teanga? Bhuel, tá an t-ádh linn mar go bhfuil ana-chuid taighde déanta ag saineolaithe maidir le múineadh agus foghlaim teangacha agus tá dream darb ainm Comhairle na hEorpa tar éis an-chuid oibre a dhéanamh sa réimse seo. Rud amháin ana-luachmhar atá déanta acu ná go bhfoilsíodar cáipéis darb ainm An Fráma Tagartha Comóntha Eorpach do Theangacha nó *The Common European Framework of Reference for Languages: Teaching, Learning and Assessment*. Tá ana-chuid comhairle ann faoi fhoghlaím teangacha, faoi mhúineadh teangacha, faoi mhúinteoirí, faoi fhoghlaím, faoi mheasúnú agus oiread glacadh leis an gcomhairle atá ann go bhfuil sé aistrithe go dtí 30 teanga. Faoi láthair is é seo an Fráma Tagartha is údarásai atá againn maidir le foghlaim agus múineadh teangacha. Déantar cur síos ann ar leibhéal teanga an fhoghlaimeoira: A1 agus A2 (úsáideoir bunúsach), B1 agus B2 (úsáideoir neamhspleách) agus C1 agus C2 (úsáideoir oilte). Ceann de na rudaí sa cháiipéis seo is mó a gcuireann daoine spéis ann ná na scálaí cumais. Saghas greille nó tábla atá sna scálaí seo ina ndéantar cur síos ar an gcumas lena bhfultear ag súil ón bhfoghlaimeoir ag gach leibhéal teanga i ngach ceann de na scileanna teanga. Sampla de sin: an foghlaimeoir ag A2, cad leis ba cheart dúinn a bheith ag súil maidir lena chumas gramadaí, maidir lena chumas tuisceana, maidir lena chumas cumarsáide, maidir lena chumas foghraíochta. An foghlaimeoir ag C2: cad leis ba cheart dúinn a bheith ag súil maidir lena chumas siúd sa ghrámadach, sa scríobh, sa chaint agus mar sin de. Ach déantar cur síos níos mine arís...má thógaimid an chaint, cuir i gcás, déantar cur síos ar chomhrá le cairde, an chaint i gcuinnithe foirméálta, ag glacadh páirte i ndíospóireacht, ag cur síos ar rudaí, ag labhairt le lucht eisteachta, ag déanamh fógraí poiblí agus mar sin de. Agus tá sé ana-mhion ar fad mar sin.

Ag teacht ar ais go dtí cás na Gaeilge tá dhá mhór-dhul chun cinn déanta le blianta beaga anuas chun an Fráma Tagartha a chur in oiriúint d’fhoghlaimeoirí na Gaeilge. Ar dtús chuir Ionad na dTeangacha in Ollscoil na hÉireann Maigh Nuad an Fráma in oiriúint d’fhoghlaimeoirí fásta na Gaeilge agus toradh na hoibre seo ná Teastas Eorpach na Gaeilge. Don chéad uair riaghanois is féidir leis an bhfoghlaimeoir Gaeilge scrúduithe a dhéanamh a thabharfaidh breithiúnas ar cén leibhéal den bhFráma Tagartha ag a bhfuil sé maidir lena chumas sa Ghaeilge – an bhfuil sé ag A1, A2, B1, B2 agus mar sin de. Agus tá scrúduithe, siollabais agus ábhar teagasc forbartha chun an teastasú a chur ar fáil. An dara dul chun cinn ná na siollabais d’fhoghlaim na Gaeilge ar an tríú leibhéal. Tá na siollabais nua do mhic léinn na Gaeilge bunaithe ar leibhéal B2 den bhFráma Tagartha (sin an t-úsáideoir neamhspleách) agus leagtar amach ann torthaí foghlama atá ana-chuimsitheach – torthaí foghlama ina ndéantar cur síos ar an gcumas lena bhfultear ag súil ón mac léinn in ocht gcinn de scileanna teanga: cruinneas gramadaí, stór focal, léamhthuiscint, cluastuiscint, scríbhneoireacht, an chaint, foghraíocht agus oiriúnacht shochtheangeolaíoch. Mholfaíonn go láidir do mhic léinn féachaint ar na torthaí foghlama agus iad féin a mheas sna scileanna éagsúla bunaithe ar na torthaí foghlama sin – féachaint cad

leis a bhfuiltear ag súil uait mar mhac léinn sna scileanna seo. Tá an siollabas le fáil ag www.teagascnagaeilge.ie agus arís is dóigh liom go mbeadh sé luachmhar do mhic léinn cur amach a bheith acu ar an siollabas.

T	U	I	S	C	I	N	T	A1	A2	B1	B2	C1	C2
Éisteacht	Aithním focail a bhfuil cleachtadh agam orthu agus frásai an-bhunúsacha a bhaineann liom fén, le mo theaghlach agus leis an saol níthiúil timpeall orm, fad is a labhráiom daoine go mall soileir.	Tuigim frásai agus focal a úsáidear go minic sna réimsí is mó a bhaineann le mo shaol fén (m.sh. eolas an-bhunúsach a bhaineann le cursái pearsanta agus teaghaigh, siopadóireacht, mo cheantair fén, fostaocht). Tuigim an príomhphointe i dteachtaireachtai agus i bhfógraí gairide, soileire, simplí.	Tuigim na príomhphointí a dhéantar i gcaint shoiölír chaighdeanach i dtaoabh ábhair a thagann anios go rialta i gcúrsáil oibre, scóile, foilliochta stl. Tuigim an príomhphointe in an-chuid cláir theilifise agus raidió a bhaineann le cursái reatha nó le topaicí a bhfuil spéis phearsanta nó ghairmiúil agam iontu, fad is a labhráitear go réasúnta mall, soileir.	Tuigim cainteanna fada agus léachtaí agus tá mé in ann argóintí casta a thuiscint fad is atá cur amach réasunta agam ar an topaic. Tuigim, de ghnáth, cláir nuachta agus cláir theilifise faoi chúrsaí reatha. Tuigim scannán de ghnáth, nuair is caint chaighdeánach a bhíonn ann.	Tuigim cainteanna fada agus léachtaí agus tá mé in ann argóintí casta a thuiscint fad is atá cur amach réasunta agam ar an topaic. Tuigim, de ghnáth, cláir nuachta agus cláir theilifise faoi chúrsaí reatha. Tuigim scannán de ghnáth, nuair is caint chaighdeánach a bhíonn ann.	Ní deacair dom caint de chineál ar bith a thuiscint, bioadh sí ina comhrá beo nó ina hábhár craolta, fiú má labhráitear ar luas an chainteora dúchais, fad is a bhíonn am agam le dul i dtíorthaí ar an mbias cainte.	Tuigim cainteanna fada fiú amhláin nuair nach bhfuil struchtúr soiléir orthu agus fiú más go hindireach a churítear an gaol idir nithe nó idir daoine in iúl seachas é a rá glan amach. Tuigim cláir theilifise agus scannán gan an ionmarca du.						
Léamh	Tuigim ainnmeacha agus focail a bhfuil cleachtadh agam orthu agus abairtí an-simplí mar a bheadh ar phóstaerí nó i gcataloga.	Is féidir liom téacsanna atá an-ghairde, an-simplí a léamh. Is féidir liom eolas sonraoch inteartha a aimsíú i ngnáthábhair shrimpí mar fhógrain, réamhleolairí, biachláir agus cláir ama. Tuigim litreacha pearsanta atá gairid, simplí.	Tuigim téacsanna atá scriofa, den chuid is mó, i gnáthfhriotal a úsáidear go minic nó i bhfriotal a bhaineann le mo chuid oibre. Tuigim an cur síos ar eachtraí, ar mhothúcháin agus ar mhianta i litreacha pearsanta.	Is féidir liom ailt agus tuairisci a léamh i dtaoabh fadhbanna comhaimseartha ina gcuireann an scribhneoir meon nó dearadh ar leith in iúl. Tuigim an prós liteartha comhaimseartha.	Tuigim téacsanna fiórlá agus literartha atá fada, casta. Tá mé in ann dealú idir stíleanna éagsúla. Tuigim ailt sainábhair agus treoracha teicniúla fada, fiú mura mbaineann siad le mo réimsí eolais fén.	Is féidir liom beagnach gach uile ábhar scriofa a léamh gan dua, lena n-áirítear ailt atá teibh nó atá casta ó thaobh struchtúir agus friotail de, mar shampla lámhleabhair, ailt sainábhair agus saothair liteartha.	Is féidir liom páirt a ghlagadh gan dua i gcomhrá nó i bplé ar bith agus tá cur amach maith agam ar chor cainte agus ar leaganacha coitianta neamhfhórméala. Is féidir liom né féin a chur in iúl go llofa spontáineach gan é a bheith le hathint orm go bhfuil focal nó frása à chuardach agam. Úsáidim an teanga go solúthá eifeachtach chun criocha sóisialta agus gairmíula. Is féidir liom smaointe agus tuairimí a chur i bhfriotal go beacht agus mo chuid cainte féin a chur i gcomhthéacs a na cainte. Má bhíonn						
Idir-ghníomháiocht labhartha	Is féidir liom idirghníomhú ar leibhéal simplí fad is atá an té atá ag caint liom sásta rudai a athrá nó a rá ar shli eile nó labhairt níos moille nó cabhrú liom friotal a chur ar an rud atá mé ag iarráidh a rá. Is féidir liom ceisteanna simplí a chur agus a fhreagairt maidir le riachtanais	Is féidir liom cumarsáid a dhéanamh i dtaoabh gnáth-thascanna simplí a dtéastaionn malartú eolas shrimpí ina gcomhair, más eolas é a bhaineann le topaicí agus le gníomháiochtáí a bhfuil cleachtadh agam orthu. Bím in ann déileáil le comhráite gairide soisialta cé nach gnách go dtuigim a oiread sin agus go dtiocfadh	Is gnách go mbím in ann déileáil leis na gnáthrudai a thagann anios le limn dom a bheith ag taistil i gceantar ina labhráitear an leanga. Is féidir liom páirt a ghlagadh, gan réamhullmhú, i gcomhrá ar thopaicí a bhfuil cleachtadh agam orthu, a bhfuil spéis agam féin iontu nó a bhaineann leis an gnáthshaol laethúil (m.sh. an teachlach,	Is féidir liom idirghníomhú le liofach agus le spontáineacht áirithe, rud a chuireann ar mo chumas idirghníomhú go rialta le cainteoirí dúchais. Is féidir liom páirt ghníomhach a ghlagadh i gcomhrá ar thopacií a bhfuil cleachtadh agam orthu, a bhfuil spéis agam féin iontu nó a bhaineann leis an gnáthshaol laethúil.	Is féidir liom idirghníomhú le liofach agus le spontáineacht áirithe, rud a chuireann ar mo chumas idirghníomhú go rialta le cainteoirí dúchais. Is féidir liom páirt ghníomhach a ghlagadh i gcomhrá ar thopacií a bhfuil cleachtadh agam orthu, a bhfuil spéis agam féin iontu nó a bhaineann leis an gnáthshaol laethúil (m.sh. an teachlach,	Is féidir liom páirt a ghlagadh gan dua i gcomhrá nó i bplé ar bith agus tá cur amach maith agam ar chor cainte agus ar leaganacha coitianta neamhfhórméala. Is féidir liom né féin a chur in iúl go llofa agus freastal ar ghnéithe caolchúiseachá de chiall na cainte. Má bhíonn	Is féidir liom páirt a ghlagadh gan dua i gcomhrá nó i bplé ar bith agus tá cur amach maith agam ar chor cainte agus ar leaganacha coitianta neamhfhórméala. Is féidir liom né féin a chur in iúl go llofa agus freastal ar ghnéithe caolchúiseachá de chiall na cainte. Má bhíonn						

	na nuaire nó maidir le topaici a bhfuil seanchleachadh agam orthu.	liom fén an comhrá a choinneáil ar siúl gan chabhair.	caithneamh aimsire, obair, taistéal agus cursai reatha.)	bhfuil ráite ag cainteoirí eile.	deacracht agam, is féidir liom duí siar agus struchtúr eile a chur ar mo chuid cainte chomh héifeachtach sin agus gurbh éigean a thabharfadh daoine eile faoi deara é.
Ginchnumas labhartha	Is féidir liom frásai agus abairtí simplí a úsáid le cur síos ar m’ait chónaithé agus ar mo lucht aitheantais.	Is féidir liom straith frásai agus abairtí a úsáid chun cur síos go simplí ar mo theaghlach agus ar dhaoine eile, ar dhálaí maireachála, ar mo chúlra oideachais, ar an jab is déanai a bhí agam nó ar an jab atá agam faoi láthair.	Is féidir liom frásai a chur in alt a chéile ar shli shimplí chun cur síos ar eispéiris agus ar eachtrá a bhain dom, ar mo chuid mianta agus uailmhianta. Is féidir liom cuiseanna a thabhairt le mo chuid tuairimí agus pleannanna agus iad a mhíníú. Is féidir liom scéal a insint agus plota leabhair nó scannán a insint agus cur síos ar conas a chuaigh sé i bhfeidhm orm.	Is féidir liom cur síos soiléir mionsonraithe a dhéanamh ar raon leathan ábhar a bhaineann le mo chuid réimsí spéise. Is féidir liom dearadh ar thospaic reatha a mhiniú agus na bunúsí is mibhunúsí a bhaineann le roghanna éagsúla a triomh.	Is féidir liom cur síos soiléir mionsonraithe a dhéanamh ar ábhair chasta agus fothéamaí a fhí isteach ann, pointí faoi leith a fhobairt agus clabhsúr a chur ar mo chuid cainte le conclúid círiúnach.
S C R Í O B H	Scíobh	Is féidir liom cártá poist gairid simplí a scriobh – chun beannacháil a chur chuig daoine le línn dom a bheith ar saoire, cuir i gceás. Is féidir liom sonraithe pearsanta an-simplí a scriobh, cuir i gcás, ag gabháil buiochais le duine.	Is féidir liom nótá agus teachtaireachtaí gairid simplí a scriobh a bhaineann le riachtanais na huairse. Is féidir liom litir phearsanta a scriobh mar shampla, m’ainm, mo náisiuntacht agus mo sheoladh a scriobh ar fhóirm chláraithe i dtreachosta.	Is féidir liom téacs soiléir mionsonraithe a scriobh ar raon leathan ábhar a bhaineann le mo réimsí spéise fén. Is féidir liom litreacha pearsanta a scriobh chun eolás a churi láthair, cùiseanna a thabhairt i bhfabhar nó i gcoinneáil dearadh áirithe. Is féidir liom litreacha a scriobh a léirionn cén tabhacht phearsanta a bhaineann le heachtrai agus le hespéiris éagsúla.	Is féidir liom téacs soiléir in iúl i dtéacs soiléir dea-struchtúrtha agus lérírí sách fada a thabhairt ar thuinimí. Is féidir liom scriobh mar gheall ar ábhair chasta in aiste nó i dtuairisc agus béim a leagan ar na pointí a shillimse a bhaineann le hábharr. Is féidir liom stil a roghnú a oireann don spriocléitheoir.